V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10918 – PETRONAS / DURIO / ORIM HOLDING)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 428/09)

1. An 28 Deireadh Fómhair 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— PETRONAS Trading Corporation SDN BHD ("PETRONAS", an Mhalaeisia), faoi rialú Petroliam Nasional Berhad (an Mhalaeisia),

— Durio Invest BV ("Durio", an Ísiltír),

— Orim Holding Ltd ("Orim", Málta), atá faoi rialú aonair Durio faoi láthair.

Gheobhaidh PETRONAS agus Durio rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Orim.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá PETRONAS gníomhach i ndíol agus próiseáil amhola agus táirgí peitriliam sa Mheán-Oirthear, i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, agus sa Chianoirthear. Áirítear leis sin soláthar amhola atá oiriúnach chun breoslaí muirí a tháirgeadh. Tá PETRONAS gníomhach, maille leis sin, i mórdhíol breoslaí muirí trí sholáthairtí ex-cé do chomhlachtaí buncaeireachta agus do sholáthróirí breoslaí muirí eile óna umair stórála sa Mhalaeisia agus i Singeapór,

— Is é Durio cuideachta shealbhaíochta bhunaitheoirí agus úinéirí indíreacha reatha Orim. Níl aon ghníomhaíochtaí díreacha nó indíreacha ag Durio ach amháin trí Orim.

3. Is iad gníomhaíochtaí gnó Orim soláthar na mbreoslaí muirí agus soláthar an athbhreoslaithe le haghaidh soithí muirghabhála agus sin go príomha i réigiún Amstardam – Rotterdam – Antuairp agus i Málta.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10918 – PETRONAS / DURIO / ORIM HOLDING

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.